2025.M52T

2025L067A2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Ceol

## Éisteacht - Croíchúrsa

## Ardleibhéal

Déardaoin 19 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:00

100 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **sé** cheist sa scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.
- Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir é sin in iúl don fheitheoir láithreach bonn.
- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.
- Beidh sosanna cuí san áireamh chun ligean duit na ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Cúig shliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Sainaithin an téama a chloistear sa sliocht.

| Freagra: |
|---|

**(b)** Sainaithin an chuid den saothar as ar baineadh an sliocht.

| Freagra: |
|---|

**(c)** Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an téama sa sliocht.

| Uirlis: |
|---|

**(d)** Is é an dúnadh a chloistear ag deireadh an tsleachta ná

- ☐ dúnadh foirfe (lándúnadh)
- ☐ dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh)
- ☐ dúnadh tánaisteach

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 1, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Sainaithin dhá dhifríocht idir an ceol i **Sliocht 1** agus an ceol i **Sliocht 2.** Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht 1 | |
|---|---|
| Sliocht 1 | Sliocht 2 |
| | |
| | |

| Difríocht 2 | |
|---|---|
| Sliocht 1 | Sliocht 2 |
| | |
| | |

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**


**(f)** Sainaithin trí ghné den cheol sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

| Gné 3: |
|---|
| |

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den sliocht priontáilte thíos.**




**(g)** Cuir isteach na ceithre nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas.

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(h)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.


| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den sliocht priontáilte thíos.**




**(a)** Sainaithin an uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**(b)** Sainaithin an uirlis ar a seinntear an tionlacan sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**(c)** Cuir isteach na hamchomharthaí atá ar iarraidh ag **X** agus **Y** ar an scór thuas.

**(d)** Tá an tionlacan sa sliocht seo bunaithe ar

- ☐ dhá thuinairde dhifriúla a bhfuil cúigeach eatarthu
- ☐ dhá thuinairde dhifriúla a bhfuil seachtach eatarthu
- ☐ dhá thuinairde dhifriúla a bhfuil ochtach eatarthu

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** (i) Teicníc chumadóireachta a úsáidtear sa sliocht seo ná

- ☐ canóin
- ☐ casiompú
- ☐ méadú

(ii) Déan cur síos ar an teicníc chumadóireachta atá sainaitheanta thuas agat, mar a chloistear sa sliocht seo í.


| Cur síos: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den tséis ghutha priontáilte thíos.**




- Cuireann an tic sa bhosca i mbarra 1 in iúl an chéad chorda den sliocht.

**(a)** Ticeáil trí bhosca sna barraí 2–4 áit a gcloistear athrú corda.

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire. Tá na liricí tosaithe priontáilte thíos.**

| | |
|---|---|
| Líne 1 | Galileo, Galileo, Galileo, Galileo, |
| Líne 2 | Galileo Figaro. Magnifico. |
| Líne 3 | I'm just a poor boy, nobody loves me. |
| Líne 4 | He's just a poor boy from a poor family, |
| Líne 5 | Spare him his life from this monstrosity. |

**(b)** Sainaithin dhá ghné den cheol gutha a chloistear sna línte 1–5.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

**(c)** Ainmnigh teicníc thaifeadta a úsáidtear sa sliocht seo. Déan cur síos ar an teicníc thaifeadta seo agus tú ag tagairt don cheol sa sliocht seo.

| |
|---|
| Teicníc thaifeadta: |
| Cur síos: |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Déan cur síos ar an gcaoi a gcuirtear béim ar na focail 'for me' sa cheol ag druidim le deireadh an tsleachta.

| |
|---|
| Freagra: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(10 marc)**

Dhá shliocht as an gCantáid *Jesu, der du meine Seele* BWV 78 le J.S. Bach.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Sainaithin tonúlacht an cheoil sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(b)** Sainaithin gné den cheol a sheinntear ar an gcontinuo sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar ghné amháin den cheol Barócach mar a chloistear sa sliocht seo é.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Sainaithin na guthanna (Soprán, Alt, Teanór, Dord) san ord ina dtagann siad isteach sa sliocht seo.

| | |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |

**(e)** Cloistear Tierce de Picardie sa sliocht seo. Mínigh Tierce de Picardie agus tú ag tagairt don cheol sa sliocht seo.

| |
|---|
| Freagra: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**Ceol Gaelach.** Freagair **A** agus **B**. Tabhair do d'aire go bhfuil rogha ceisteanna in **B**.

**A.** Tá an roinn seo bunaithe ar thrí shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Sainaithin an stíl amhránaíochta sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(b)** Sainaithin dhá ghné den stíl seo amhránaíochta mar a chloistear sa sliocht seo iad.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

**(c)** Bain úsáid as litreacha chun foirm an cheoil sa sliocht seo a scríobh síos.

| Freagra: |
|---|

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Sainaithin an cineál fonn damhsa sa sliocht seo. Tabhair an t-amchomhartha agus barra rithime amháin a bhaineann leis.

| An cineál damhsa | An t-amchomhartha | Barra rithime |
|---|---|---|
| | | |

**(e)** Ainmnigh dhá uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(f)** Is cumasc é an sliocht seo de stíleanna éagsúla ceoil. Pléigh sin agus tú ag tagairt don cheol a chloistear sa sliocht.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**B** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(i) Déan plé ar úsáid an chumaisc i gceol traidisiúnta na hÉireann.

(ii) Déan cur síos ar thrí fhorbairt shuntasacha a tharla i gceol traidisiúnta na hÉireann sa 20ú haois.

(iii) Scríobh cuntas ar an amhránaíocht ar an sean nós i gceol traidisiúnta na hÉireann.

(iv) Scríobh cuntas ar thraidisiún an cheoil rince i gceol traidisiúnta na hÉireann.

(v) Tabhair cuntas ar an gcruit nó ar an bhfidil i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann.

Cuir in iúl cén cheist a roghnaigh tú (i) ☐ (ii) ☐ (iii) ☐ (iv) ☐ (v) ☐

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Lean le do fhreagra ar na leathanaigh 15–17. Tosaíonn Ceist 6 ar leathanach 18.*

**Ceist 6** **(20 marc)**

**Scileanna Éisteachta**

Tá an cheist seo bunaithe ar chúig shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Méadar an cheoil sa sliocht seo ná

- ☐ 2
- ☐ 3
- ☐ 4

**(b)** Déan cur síos ar an tionlacan sa sliocht.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*


**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den tséis ghutha thosaigh priontáilte thíos.**




**(d)** Is iad na nótaí ata ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas ná

☐ 


☐ 


☐ 


**(e)** Sainaithin gléas an cheoil sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(f)** Cé mhéad barra ceoil atá le cloisteáil san intreoir?

| Freagra: |
|---|

**(g)** Sainaithin dhá ghné den cheol gutha a chloistear sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

**Sliocht 4, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(h)** Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol a chloistear i **Sliocht 4** agus an ceol a chloistear i **Sliocht 5.** Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht 1 | |
|---|---|
| Sliocht 4 | Sliocht 5 |
| | |
| | |
| | |
| | |

| Difríocht 2 | |
|---|---|
| Sliocht 4 | Sliocht 5 |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Tá dhá nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ceol Éisteacht - Croíchúrsa

Déardaoin 19 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00